An Roinn Dlí agus Cirt
Department of Justice

# Treoir maidir le Saoránacht

Conas doiciméid aitheantais agus cruthúnais ar chónaitheacht a chur isteach chun tacú le d'iarratas ar shaoránacht



Dáta Foilsithe: 2023

**Leagan 1.0**

Maidir leis an doiciméad seo ..... 03
Doiciméid um chruthúnas ar aitheantas ..... 04
Córas na bpointí um chruthúnas ar chónaitheacht ..... 05
D'aistear i dtreo Saoránacht Éireann a ghnóthú ..... 07
Cad is ceart dom a dhéanamh mura féidir liom 150 pointe a shroicheadh ..... 08
Cónaitheacht atá bunaithe ar phósadh nó ar pháirtnéireacht shibhialta ..... 09
Forálacha speisialta do dhídeanaithe ..... 10
Conas d'iarratas agus do chruthúnais a chur isteach ..... 11
Seicliosta ..... 12
Aguisín 1 – Mionnscríbhinn um Chruthúnas ar Chónaitheacht ..... 13

Comhghairdeas as do chéimeanna deiridh a thógáil i dtreo teacht chun bheith i do Shaoránach Éireannach.

Cabhraíonn an doiciméad seo lena shainaithint cé na nithe is gá duit a sholáthar chun d'aitheantas a chruthú agus chun a thaispeáint go bhfuil tú ag cónaí in Éirinn ar feadh na tréimhse is gá.

Tá liosta de na doiciméid is gá agus scórchárta curtha ar fáil againn chun treoir a thabhairt maidir leis na nithe is gá duit a chur isteach.

Ní foláir duit 150 pointe a shroicheadh i leith gach bliana cónaitheachta.

Ná cuir isteach níos mó ná na cruthúnais is gá, le do thoil – déanfaimid teagmháil leat má theastaíonn tuilleadh faisnéise uainn.

Ní foláir d'ainm agus do sheoladh cónaithe a bheith taispeánta i ngach cruthúnas.

## TÁBHACHTACH

Diúltófar d'iarratas ar Eadóirseacht agus caillfear do tháille mar thoradh ar na nithe seo a leanas:

- Ní ghnóthaítear an tairseach 150 pointe ar an scórchárta agus ní chuirtear an mhionnscríbhinn is gá ar áireamh
- Ní foláir gach roinn iomchuí den fhoirm a bheith comhlánaithe go hiomlán, m.sh. gan aon sínithe a bheith ar iarraidh, gan aon dátaí míchearta a bheith ann, etc.
- Foirm neamhiomlán, m.sh. leathanaigh agus/nó an dearbhú reachtúil a bheith ar iarraidh, aon chruthúnais gan a bheith curtha ar fáil, na ranna iomchuí gan a bheith líonta isteach
- Níl Doiciméid Tacaíochta curtha ar fáil nó tá siad neamhiomlán nó ar dhroch-chaighdeán (doléite)
- Dearbhú reachtúil – is doiciméad dlí é sin. Ní foláir é a bheith fianaithe, sínithe agus dátaithe i gceart

*Tabhair do d'aire, le do thoil, gurb amhlaidh, má athraíonn tú do sheoladh nó do sheoladh ríomhphoist tráth ar bith le linn dúinn d'iarratais a phróiseáil, a bheidh sé de fhreagracht ort an méid sin a chur in iúl don Rannóg Saoránachta. Is féidir foirm um sheoladh a athrú a aimsiú ar www.irishimmigration.ie. Cuir cruthúnas ar do sheoladh nua ar fáil freisin, le do thoil.*

# Doiciméid um Chruthúnas ar Aitheantas

**Ní foláir do gach iarratasóir a n-aitheantas a shuíomh freisin. Is féidir le hiarratasóirí é sin a dhéanamh trí dhoiciméid aitheantais a bhfuil luach pointí réamhshocraithe acu a chur isteach go dtí go sroichfidh siad scór 150 pointe.**

**Féadfaidh oifigigh cruthúnais ar aitheantas atá de bhreis orthu sin atá curtha ar fáil ag an iarratasóir a iarraidh.**

**Tabhair do d'aire, le do thoil:**

Cuirfear pasanna agus doiciméid eile faoi sheiceálacha frithchalaoise. Tarchuirfear cásanna calaoise amhrasta chuig an nGarda Síochána faoi Alt 29A d'Acht Náisiúntachta agus Saoránachta Éireann, 1956. Le hAlt 29A, is cion coiriúil é faisnéis bhréagach nó mhíthreorach a sholáthar le linn d'iarratais ar eadóirseacht. Is iad fíneáil suas le €50,000 agus/nó príosúnacht suas le 5 bliana na pionóis uasta faoin Acht.

| **Cineál A –** Scórchárta um Chruthúnas ar Aitheantas | **Luach Pointí** |
|---|---|
| **Cóip dhaite dheimhnithe** den leathanach bithmhéadrach de phas* (Tír Bhaile), agus é Neamhchaite | 150 POINTS |
| **Cóip dhaite dheimhnithe** de Phas (Tír Bhaile) – Atá **<u>níos lú</u>** ná 365 lá as dáta ar dháta an iarratais ar Shaoránacht | 75 POINTS |
| **Cóip dhaite dheimhnithe** de Phas (Tír Bhaile) – Atá **<u>níos mó</u>** ná 365 lá as dáta ar dháta an iarratais ar Shaoránacht | 50 POINTS |
| **Cóip dhaite dheimhnithe** de dhoiciméad Aitheantais Náisiúnta tír baile arna eisiúint de réir Rialachán (AE) 2019/1157 | 50 POINTS |
| **Cóip dhaite dheimhnithe** de dhoiciméad Aitheantais Náisiúnta tír baile – (eile) – Neamhchaite | 50 POINTS |
| **Cóip dhaite dheimhnithe** de Dheimhniú aitheantais/de phas éigeandála | 50 POINTS |
| **Cóip dheimhnithe** de dhoiciméid aitheantais laissez passer/na Croise Deirge/UNHCR – Neamhchaite | 50 POINTS |
| **Cóip dheimhnithe** de Chárta Ceada Cónaithe Éireannaigh – Neamhchaite | 75 POINTS |
| **Cóip dheimhnithe** de Chomhfhreagras ó Fhostóir nó ó Roinn Rialtais ina ndeimhnítear d'uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí/Cóip dheimhnithe de Chárta Seirbhísí Poiblí | 25 POINTS |
| **Cóip dheimhnithe** de Cheadúnas tiomána – mar aon le haitheantas fótagrafach – Neamhchaite | 10 POINTS |

* Is éard is pas ann doiciméad taistil a eisíonn Rialtas tíre chuig saoránaigh na tíre sin lena bhfíoraítear aitheantas agus náisiúntacht an tsealbhóra.

# An roinn maidir le Cruthúnais ar Chónaitheacht

**Chun go mbeidh tú cáilithe le haghaidh Saoránacht Éireann a ghnóthú, ní foláir duit a bheith in ann a thaispeáint go bhfuil tú ag cónaí in Éirinn ar feadh na bliana iomláine roimh dhéanamh d'iarratais AGUS ar feadh tréimhsí is comhionann le 4 bliana san iomlán sna 8 mbliana roimhe sin.**

Tá scórchlár forbartha againn chun cabhrú leat d'iarratas a dhéanamh. Leis an gcóras seo, ní foláir duit cruthúnas amháin de **Chineál A** agus cruthúnas amháin de **Chineál B** a chur ar fáil i leith gach bliana. Is fiú cruthúnais de Chineál A **100 pointe**. Is fiú cruthúnais de Chineál B **50 pointe**. Ní foláir duit an tairseach **150 pointe** a shroicheadh i leith gach bliana.

**Ná téigh thar an tairseach 150 pointe i leith gach bliana, le do thoil – déanfaimid teagmháil leat má theastaíonn tuilleadh faisnéise uainn.**

| **Cineál A –** Cruthúnas ar Chónaitheacht: Ní foláir duit ceann amháin de na nithe seo a leanas a bheith agat i leith gach bliana | **Luach Pointí** |
|---|---|
| Achoimre Sonraí Fostaíochta | 100 POINTS |
| **Cóip** de P60 | 100 POINTS |
| Ranníocaíocht Bhliantúil leis an Roinn Coimirce Sóisialaí | 100 POINTS |
| Ráitis Bhainc | 100 POINTS |

| **Cineál B –** Scórchárta um Chruthúnas ar Chónaitheacht | **Luach Pointí** |
|---|---|
| Ráiteas Cárta Creidmheasa | 50 POINTS |
| Comhaontú cíosa | 50 POINTS |
| Ráiteas bliantúil morgáiste | 50 POINTS |
| Bille Fóin | 50 POINTS |
| Bille Fóntais | 50 POINTS |
| Stair Fostaíochta Lia-Chleachtóra | 50 POINTS |

**Achoimre Sonraí Fostaíochta**
Ón 1 Eanáir 2019, tá deireadh curtha leis an P60 agus tá Achoimre Sonraí Fostaíochta i bhfeidhm ina áit. Tá an Achoimre Sonraí Fostaíochta ar fáil d'fhostaithe trí ROS - Mo Chúrsaí – www.revenue.ie

**Coimirce Shóisialach**
Féadfaidh tú do ráiteas bliantúil (ráiteas Ranníocaíochtaí nó Ráiteas Íocaíochtaí) ón Roinn Coimirce Sóisialaí a chur ar fáil i leith gach ceann de na blianta iomchuí. Ní foláir cruthúnas ar idirbhearta a bheith taispeánta san íocaíocht sin. Ní aithneofar íocaíochtaí uilíocha amhail íocaíocht Sochair Linbh mar chruthúnas ar chónaitheacht gan cruthúnas comhthacaíoch a chur ar fáil lena gcruthaítear go bhfuil an leanbh mionaoiseach ag cónaí in Éirinn (m.sh. tuairisc tinrimh daltaí ó scoil).

Glacfar le ceann amháin de cheachtar ceann de na ráitis bhliantúla seo a leanas:

A. Ráiteas Ranníocaíochtaí: Is éard is Ráiteas Ranníocaíochtaí ann achoimre ar do thaifead árachais shóisialaigh in Éirinn,

B. Is éard is ráiteas íocaíochtaí ann taifead den tsuim a d'íoc an Roinn Coimirce Sóisialaí leat ar feadh tréimhse ama. Beidh ag an ráiteas miondealú in aghaidh na scéime ar cá mhéad a fuarthas agus ar na dátaí a bhfuarthas na híocaíochtaí sin. Is féidir mionsonraí faoi conas ráiteas bliantúil a fháil a léamh ag: https://services.mywelfare.ie/en/topics/statements-and-refunds/

**Ráitis Bhainc**
Ní foláir idirbhearta pointe díola a bheith taifeadta go míosúil (le seoltaí in Éirinn nó i dTuaisceart Éireann) sna Ráitis. Is gnách go gciallaíonn sé sin trí idirbheart pointe díola ar a laghad in aghaidh na míosa i leith gach ceann den líon blianta is gá.

I leith an lín blianta is gá (3 mhí i ndiaidh a chéile in aghaidh na bliana).

Ní foláir iad a bheith eisithe ag Banc Miondíola nó ag Comhar Creidmheasa a rialálann Banc Ceannais na hÉireann nó an Banc Ceannais Eorpach é.



# D’aistear i dtreo Saoránacht Éireann a ghnóthú

## Cruthúnais ar chónaitheacht

Sampla de theaglamaí féideartha éagsúla de chruthúnais arna roghnú ar feadh 5 bliana laistigh de thréimhse 8 mbliana is ea an treoir thíos.


Is féidir roinnt teaglamaí féideartha a úsáid, áfach. Féach tuilleadh samplaí sa bhosca faoi bhun na treorach.

### Conas a oibríonn sé

Cuir isteach cruthúnas **Amháin de Chineál A*** agus cruthúnas **Amháin de Chineál B** i leith na bliana roimh dhéanamh d’iarratais. Móide 4 bliana eile sna 8 mbliana seo caite. Ní foláir duit **150 pointe** a shroicheadh i leith gach bliana cónaitheachta.

**I leith gach ceann de 5 bliana**

CRUTHÚN AS DE CHINEÁL A: 100 POINTE + CRUTHÚNAS DE CHINEÁL B: 50 POINTE = 150 POINTE




Féadfar aon 5 bliana cónaitheachta sna 8 mbliana seo caite a úsáid mar chruthúnas ach ní foláir an bhliain roimh dhéanamh an iarratais a bheith ar áireamh iontu.
Tá tuilleadh samplaí ar dheis.



# Cad is ceart dom a dhéanamh mura féidir liom 150 pointe a shroicheadh

Aithnímid gur féidir go mbeidh cásanna ann nach bhfuil daoine aonair in ann, ar chúiseanna éagsúla, an **150 pointe** is gá a shroicheadh i ngach bliain cónaitheachta.

San imthoisc sin, ní foláir duit an scórchárta a chomhlánú de réir an chaighdeáin is airde is féidir leat agus mionnscríbhinn a sholáthar ina mínítear na cúiseanna nach bhfuil tú in ann an ceanglas iomlán a chomhlíonadh.

Athbhreithneofar gach iarratas ar bhonn cáis. Breithneofar an Mhionnscríbhinn in ionad easnamh suntasach i bpointí. Ní ceart í sin a úsáid ach amháin in imthosca eisceachtúla, áfach.

Tá teimpléad le haghaidh mionnscríbhinn um chruthúnas ar chónaitheacht ar fáil ag deireadh an doiciméid treorach seo.

**Tabhair do d'aire: Ní foláir an mhionnscríbhinn seo a bheith comhlánaithe go hiomlán agus a chur isteach le d'iarratas.**

Má theastaíonn ón Rannóg Saoránachta dul i dteagmháil leat le haghaidh soiléiriú nó doiciméid bhreise a fháil, is féidir go mbeidh moill ar d'iarratas agus go gcaillfidh sé a áit sa chiú próiseála.

Tá an treoir seo de bhreis ar threoir Fhoirm 8 atá ar fáil faoi láthair ar www.irishimmigration.ie



# Cruthúnais ar chónaitheacht atá bunaithe ar phósadh nó ar pháirtnéireacht shibhialta

Is beagáinín éagsúil leis na cruthúnais is gá le haghaidh iarratais eile atá na cruthúnais is gá le haghaidh iarratais a dhéantar bunaithe ar phósadh nó ar pháirtnéireacht shibhialta le Saoránach Éireannach.

Ní foláir duit bheith pósta/i gcaidreamh sibhialta leis an saoránach Éireannach le 3 bliana ar a laghad, agus bheith in bhur gcónaí le chéile ar dháta déanta iarratais agus an chónaitheacht riachtanach in oileán na hÉireann a bheith agat.

- **Cruthúnas doiciméadach ar theidlíocht an chéile/pháirtnéara shibhialta Éireannaigh chun saoránachta Éireannaí (cóip dheimhnithe de dheimhniú breithe an chéile/pháirtnéara shibhialta Éireannaigh, má rugadh in Éirinn é nó í / cóip dheimhnithe den taifeadadh i gclár na mbreitheanna coigríche / deimhniú breithe thuismitheoir an chéile nó an pháirtnéara shibhialta más in Éirinn a rugadh an tuismitheoir sin / cóip dheimhnithe de dheimhniú eadóirseachta / cóip dheimhnithe den leathanach den phas Éireannach ar a bhfuil an grianghraf).**

- **Cóip dheimhnithe den deimhniú pósta / den chlárúchán páirtnéireachta sibhialta**. TABHAIR DO D'AIRE: Más rud é gur cláraíodh do pháirtnéireacht shibhialta i dtír seachas an Stát, ansin is faoi threoir an Ordaithe um Páirtnéireacht Shibhialta (Caidrimh Choigríche Chláraithe a Aithint), 2010, a chinntear an Stát d'aithint an chaidrimh sin. Is ceart duit a dheimhniú duit féin go bhfuil do chaidreamh cláraithe aitheanta sula ndéanann tú iarratas bunaithe ar tú a bheith i do pháirtnéir sibhialta le saoránach Éireannach.**

- **Ní foláir don chéile/pháirtnéir sibhialta Éireannach an Mhionnscríbhinn mhionnaithe iomchuí (i gcúl iarratas Fhoirm 8 ar eadóirseacht) a chomhlánú i láthair finné dhlíthiúil tar éis duit an dearbhú reachtúil a shíniú (Coimisinéir Mionnaí, Feidhmeannach Síochána, Nótaire Poiblí nó Aturnae Cleachtach).**

- **Cóipeanna de thrí chruthúnas éagsúla ar chónaí in oileán na hÉireann i leith an iarratasóra agus an chéile/pháirtnéara shibhialta araon ar feadh 3 mhí roimh dháta déanta an iarratais, agus ina dtaispeántar an dáta agus an t-ainm agus an seoladh reatha. Áirítear ar na cruthúnais comhaontú morgáiste/cíosa, billí teaghlaigh (gás, leictreachas, teileafón nó teilifís chábla/satailíte), ráitis bhainc, litreacha ó na Coimisinéirí Ioncaim, leas sóisialach, litir ó fhostaíocht, etc.**

# Forálacha Speisialta a bhaineann le Dídeanaithe

Más dídeanaí tú, tuigimid gur féidir nach mbeidh rochtain agat ar phas náisiúnta agus tá tú díolmhaithe ón ngá le pas náisiúnta a chur isteach.

Chun d'iarratas a éascú, is féidir leat ina ionad sin cóip dheimhnithe de do dhoiciméid taistil arna n-eisiúint in Éirinn, do litir ina ndeimhnítear stádas dídeanaí agus mionnscríbhinn phas a chur isteach chun an tairseach is gá a chomhlíonadh.

Ní foláir duit an fhaisnéis seo a leanas a chur ar áireamh i do mhionnscríbhinn mhionnaithe agus ní mór an mhionnscríbhinn mhionnaithe a bheith fianaithe ag finné cuí:

a) Ainm iomlán – aon ainmneacha eile a úsáideadh roimhe seo agus an chúis leis an athrú, i.e. pósadh.

b) Dáta breithe nó aon dátaí breithe malartacha a úsáideadh roimhe seo.

c) An chúis nach féidir pas a fháil.

d) Imthosca do theachta isteach sa Stát.

Ní foláir duit gach ceann de na doiciméid oifigiúla bhunaidh lena bhféadfaí d'aitheantas a dheimhniú a chur ar áireamh freisin. I gcás nach bhfuil fáil ann ar na cóipeanna bunaidh, ní foláir cóipeanna dea-chaighdeáin a sholáthar.

Más rud é nár bhain tú úsáid as ainm eile nó as dáta breithe eile, deimhnigh an méid sin ar an mionnscríbhinn, le do thoil.



# Conas d'iarratas agus do chruthúnais a chur isteach

Priontáil an seicliosta ar leathanach 11 den doiciméad seo, le do thoil, agus cuir ar áireamh i d'iarratas é mar aon leis na cruthúnais iomchuí.

- *Chun seachadadh sábháilte a chinntiú, bain úsáid as clúdaigh oiriúnacha nach dtiocfaidh stróiceacha orthu agus iad faoi bhealach, le do thoil. Ná cuir ach iarratas amháin isteach in aon chlúdach amháin.*
- *Cuir an fhoirm iarratais isteach i bhformáid leathanach scaoilte, le do thoil, de réir ord na leathanach, lena n-áirítear an Dearbhú Reachtúil (leathanaigh 35-37 d'Fhoirm 8) agus na leathanaigh Moltóirí (leathanaigh 32-34 d'Fhoirm 8)*
- *Ní gá na leathanaigh threorach d'iarratas Fhoirm 8 a chur isteach (leathanaigh 1-15).*
- *Ná cuir isteach ach an líon cruthúnas is gá atá sonrach do d'iarratas de réir ord na mblianta, le do thoil. Ná seol aon chruthúnais bhreise ná aon chruthúnais dhúblacha.*
- *Cuir an Dréacht Bainc agus na grianghraif phas le chéile i gclúdach a bhfuil ainm an iarratasóra ar an taobh amuigh de, le do thoil.*
- *Ná seol aon chóipeanna bunaidh de dheimhnithe breithe, de dheimhnithe pósta, de dheimhnithe colscartha nó de dheimhnithe eadóirseachta.*
- *Ná bain úsáid as stáplaí, pócaí plaisteacha, ceanglóirí fáinneacha, fillteáin, málaí plaisteacha, boscaí, etc. Ná cuir ceangal ar an iarratas.*



## **Seicliosta** – Priontáil amach agus comhlánaigh an seicliosta chun é a chur ar áireamh le d'iarratas, le do thoil

Deimhnigh, le do thoil, gur chomhlánaigh tú na nithe seo a leanas trí thic a chur leis an mbosca iomchuí:

- ☐ Tá an fhoirm iarratais comhlánaithe go hiomlán
- ☐ Tá an seicliosta scórchárta seo comhlánaithe agus ar áireamh leis an iarratas
- ☐ Chomhlíon tú an tairseach **150** pointe le haghaidh cruthúnas ar **aitheantas**
- ☐ Chomhlíon tú an tairseach **150** pointe le haghaidh gach bliana **cónaitheachta**
- ☐ Is fianaithe ag finné cuí atá na doiciméid is gá a bheith deimhnithe a bheith ina gcóipeanna dílse de na doiciméid bhunaidh
- ☐ Cuireann dídeanaithe mionnscríbhinn phas isteach le cóip dheimhnithe dá ndoiciméad taistil i gcás nach bhfuil Pas Náisiúnta neamhchaite acu
- ☐ Tá an mhionnscríbhinn um chruthúnas ar chónaitheacht ar áireamh leis an iarratas, más gá
- ☐ Is curtha isteach leis an bhfoirm iarratais atá na doiciméid uile is gá le haghaidh iarratas rathúil
- ☐ Tá an Dearbhú Reachtúil sínithe agus dátaithe ag an iarratasóir, i láthair Aturnae chleachtaigh, Coimisinéir Mionnaí, Feidhmeannach Síochána nó Nótaire Poiblí – is doiciméad dlí é an Dearbhú Reachtúil agus ní foláir caitheamh leis amhlaidh



# Aguisín 1: An tIarratas le húsáid don teimpléad le haghaidh Mionnscríbhinn um Chruthúnas ar Chónaitheacht. Is ceart an doiciméad seo a bheith sínithe agus dátaithe

Sa roinn seo, beidh ort roinnt mionsonraí pearsanta a chur ar fáil fút féin mar an duine atá ag déanamh an iarratais.

## 1A Mionsonraí pearsanta

**1.1** Sloinne (sloinnte) (arna thaispeáint/dtaispeáint sa phas)

**1.2** Túsainm(neacha) (arna thaispeáint/dtaispeáint sa phas)

**1.3** Dáta breithe (LL-MM-BB)

**1.4** Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí

**1.5** Seoladh reatha, lena n-áirítear uimh. tí/árasáin, sráid,

Éirchód

## 1B An chúis le mionnscríbhinn um chruthúnas ar chónaitheacht a chur isteach.

Cinntigh, le do thoil, go gcomhlánaíonn tú an seicliosta scórchárta freisin agus cuir ar áireamh aon chruthúnais tacaíochta ar chónaitheacht atá agat. Athbhreithneofar gach cás ar bhonn cáis.

An Roinn Dlí agus Cirt
Department of Justice